

Cuideachta Chuan na Gaillimhe

Tuarascáil na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais
don bhliain airgeadais dar críoch
31 Nollaig 2019

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

CLÁR ÁBHAR	LEATHANACH
STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE	2
RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH	3 - 8
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	9 - 10
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ	11
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH	12 - 14
RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH	15
RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS	16
RÁITEAS AR ATHRUITHE SA CHOTHROMAS	17
RÁITEAS AR AN SREABHADH AIRGID	18
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	19 - 39

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

STIÚRTHÓIRÍ

Maurice O’Gorman
Frank Greene
Cormac McCarthy
Conor O’Dowd
Robert McCabe

RÚNAÍ

Shane Garvey

OIFIG CHLÁRAITHE

Oifig an Chuain
Na Duganna Nua
Gaillimh

INIÚCHÓIR

Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúil
Ionad Seirbhísí Airgeadais na Gaillimhe,
Bóthar Mhóinín na gCiseach
Gaillimh

BAINCÉIRÍ

Banc na hÉireann
43 An Fhaiche Mhór
Gaillimh

KBC
Sráid Sandwith
Baile Átha Cliath 2

AIB
An Fhaiche Mhór
Gaillimh

PRÍOMH-ATURNAETHA

A & L Goodbody
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
25-28 Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

L K Shields
Bóthar na nDuganna
Gaillimh

Mac Sweeney & Company
22 An Fhaiche Mhór
Gaillimh

UIMHIR NA CUIDEACHTA

262364

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH

Réamhrá

Bliain rathúil eile do Chuideachta Chuan na Gaillimhe a bhí in 2019. Tháinig laghdú ar ár dtonnáiste ó 596,196 thonna in 2018 go 566,608 in 2019; tharla sin de bharr laghdú ar allmhairí ola mar thoradh, go príomha, ar mhoilliú ar an tréchur i rith na bliana chun oibreacha cothabhála a éascú. Tháinig ardú 7% ar ár n-onnmhairí i rith na bliana. D'ainneoin an laghdú ar an tonnáiste, tháinig ardú 4% ar ár n-ioncam ón loingseoireacht in 2019. Tharla sin, go príomha, mar gheall ar mhéadú ar an ioncam a bhaineann le seirbhísí breisluacha, amhail an costas a bhí ar thuirbíní gaoithe a allmhairiú agus ioncam ónár gcraein nua, a ceannaíodh i mí Mheán Fómhair ar chostas €968k. Ar an gcraein a cheannach, cuireadh ar ár gcumas seirbhís níos éifeachtúla a sholáthar dá gcustaiméirí agus táimid ag leanúint orainn ag lorg deiseanna nua chun tuilleadh úsáide a bhaint as an sócmhainn thábhachtach seo. Tháinig ardú 6% agus 2% faoi seach ar ár n-ioncam léasaithe agus páirceála i rith na bliana.

Bhí tionchar dearfach ar thorthaí 2018 ag brabús ar réadmhaoín dar luach €1m a dhiúscairt agus ag barrachas athluachála i ndáil le réadmhaoine infheistíochta dar luach €11.6m. Gan an brabús ó dhiúscairt agus ó bharrachas athluachála thuasluaite, tá ardú ó €1.4m in 2018 tagtha ar thuilleamh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh ("EBITDA") go dtí €1.6m in 2019. Tá laghdú suntasach tagtha ar ár muirear dímheasa freisin, ó €1.6m in 2018 go dtí €0.4m in 2019; tharla sin de bharr coigeartuithe a taifeadh mar gheall ar athruithe ar shaol úsáideach saolré fhóinteach shócmhainní áirithe agus díscríobh shócmhainní áirithe in 2018. €950,382 a bhí inár nglanbhrabús iarchánach le haghaidh 2019, rud a léiríonn olltoradh sásúil don bhliain.

D'ainneoin teorainn a bheith ar fhás an chalafoirt mar gheall ar a mhéid agus ar na srianta geata, tá an fhoireann feidhmiúcháin ag féachaint go gníomhach le gnó lárnach loingseoireachta na cuideachta agus an t-ioncam ó na gníomhaíochtaí léasaithe agus páirceála a fhás. Leanfaidh sí lena hiarrachtaí gnó nua brabúsach a mhealladh in 2020 agus ina dhiaidh sin.

Mar a luaitear thíos, tá go leor dul chun cinn déanta leis an bpróiseas iarratais phleanála don síneadh leis an gcalafort. Tá obair fós ar siúl ar straitéis athnuachana an duga laistigh; tá ár máistirphlean beagnach tugtha chun críche agus táimid fós ag déanamh machnaimh ar an gcaoi a bhféadfaí an fhorbairt atá beartaithe a leagan amach agus a chéimniú. Tugtar tacaíocht don obair ar an Máistirphlean faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach; táimid buíoch den tacaíocht sin agus tá áthas orainn gur sainaitníodh sinn mar thionscadal faoin gclár sin.

Síneadh le Calafort na Gaillimhe

Cuireadh iarratas pleanála ar shíneadh leis an gcalafort isteach chuig an mBord Pleanála ("ABP") an 10 Eanáir 2014 faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006. Rinneadh an t-iarratas pleanála trí bhíthin Airteagal 6(4) den "Treoir maidir le Gnáthóga" 92/43/EEC, ar a dtugtar freisin "Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithe" (IROPI). Tionóladh Éisteacht ó Bhéal ABP idir 13 agus 23 Eanáir 2015. Léiríodh tacaíocht go héifeachtach ón bpobal, agus ón lucht gnó agus polaitíochta don tionscadal ag an Éisteacht ó Bhéal.

An 29 Meán Fómhair 2015, d'éisigh ABP comhfhreagras inar iarradh ar an gcuideachta tograí cúiteacha beartaithe a chur isteach i ndáil leis an tionchar ón bhforbairt beartaithe ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, Cuan na Gaillimhe. Bhain sin le cailliúint ghnáthóg sceire a raibh an-chuid fúcióidigh inti, gnáthóg réileán láibe agus gainimh agus fhásra ilbhliantúil ar bhruacha clochacha. Ag teacht le riachtanais ABP, cuireadh na chéad tograí cúiteacha isteach chuig ABP an 24 Samhain 2015. I ndiaidh an chéad aighneachta, d'iarr ABP "dlúthchomhoibriú" idir an t-iarratasóir, údarais Natura 2000 ("NPWS") agus ABP chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a sainaitníodh. I ndiaidh idirbheartaíocht mionsonraithe le páirtithe leasmhara, cuireadh na tograí cúiteacha deiridh isteach i mí Aibreán 2019. Is é ár dtuairim go bpléann na tograí sin go sásúil leis na saincheisteanna a sainaitníodh agus táimid muiníneach go mbeidh toradh dearfach ar ár n-iarratas pleanála.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH

Síneadh le Calafort na Gaillimhe – ar lean

Tá níos mó ná sé bliana caite ó cuireadh an t-iarratas pleanála isteach faoin bpróiseas Forbairt Bonneagair Straitéisigh (“SID”). Mar thoradh ar an achar ama a bhí i gceist le cinneadh a eisiúint, cruthaítear míbhuntáistí móra eacnamaíochta agus airgeadais do Chalafort na Gaillimhe, ó thaobh na saoráidí a fhorbairt lena dtabharfaí deis don Chalafort a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin mBeartas Náisiúnta do Chalafóirt agus, go háirithe, riachtanais chustaiméirí reatha agus ionchais atá lonnaithe i réigiún an iarthair. Bunaíodh bunús an iarratais pleanála ar Chalafort na Gaillimhe a bheith ina chalafort lena mbaineann suntasacht réigiúnach, mar a thugtar air faoin mBeartas Náisiúnta do Chalafóirt.

I bhfianaise imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, is dócha go mbeidh ar chalafóirt na hÉireann plé le bealaí nua agus lastas breise trí bhíthin mórthír na Breataine a sheachaint agus dul go díreach chuig mórthír na hEorpa. D’fhéadfadh an síneadh le Calafort na Gaillimhe a bheith ina phíosa bonneagair tábhachtach, rud a thabharfadh acmhainn bhreise d’Éirinn ar an gcósta thiar, i ndiaidh an Bhreitheachta. Tá teacht ar an gcalafort agus srianta ó thaobh méide ag cur bac cheana féin ar chumas an chalafóirt fás agus leanúint air ag freastal go hiomlán ar an réigiún. Táimid ag diúltú do ghnó de bharr na srianta sin.

Beidh ról tábhachtach ag Calafort na Gaillimhe a bheadh leathnaithe chun cabhrú le hÉirinn na spriocanna arna leagan amach i bPlean Gníomhaíochta an rialtais ar son na hAeráide a bhaint amach. Go sonrach, d’fhéadfadh Calafort na Gaillimhe a bheadh leathnaithe agus athlonnaithe onnmhairiú agus seirbhísíú thuirbíní gaoithe do na hearnálacha fuinnimh gaoithe ar an gcladach agus amach ón gcósta aron a éascú go mór.

Aistriú ionchasach na scairsheibhe chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe

De réir an Bheartais Náisiúnta do Chalafóirt (2013), tá próiseas díchill chuí tugtha chun críche ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. An cuspóir atá leis sin, úinéireacht Chalafort na Gaillimhe a aistriú ón RITS go dtí Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá an próiseas ceadaithe chun an t-aistriú beartaithe a thabhairt chun críche ar feitheamh.

Seirbhísí chuig Oileáin Árann

Calafort na Gaillimhe an rogha calafóirt do na seirbhísí tráchtála chuig na hOileáin Árann forimeallacha, arb iad na hoileáin leis an daonra is mó amach ó chósta thiar na hÉireann. Freastalaíonn an lastas sin ar dhaonra na 3 oileán agus rinneadh 169 seoladh in 2019 (2018: 168). Ag teacht le straitéis/beartas AE, cabhróidh an síneadh leis an gcalafort le nascacht a bheidh éifeachtach ó thaobh costais idir cathair na Gaillimhe agus ceann de na limistéir is forimeallaí san AE a chinntiú.

Táthar ag súil go gcuirfead tús le seirbhís farantóireachta nua ónár gCalafort chuig Oileáin Árann i Samhradh 2020. Táimid ag súil leis an tseirbhís sin a éascú sna míonna amach romhainn agus le fás ar an líon turasoírí a théann chuig Oileáin Árann a chumasú.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMH

RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH (AR LEAN)

Cúrsaí Airgeadais

Ioncam

€4.6m a bhí san ioncam in 2019. Is ionann sin agus ardú €0.2m ar 2018. Tharla sin, go príomha, mar gheall ar mhéadú ar an méid lastais tionscadail a próiseáladh tríd an gcalafort, ardú ar ioncam léasaithe agus ardú beag ar an ioncam páirceála.

Caiteachas

Tháinig laghdú ar chostais riaracháin, ó €4.7m in 2018 go dtí €3.4m in 2019. Tharla sin mar gheall ar laghdú suntasach ar ár speansais dímhéasa, ó €1.6m in 2018 go dtí €0.4m in 2019. Bhí tionchar ag díscríobh sócmhainní agus ag coigeartuithe ar shaolré fhóinteach sócmhainní áirithe ar mhúirear 2018. Seachas dímhéas, bhí na costais riaracháin comhsheasmhach bliain in aghaidh bliana.

EBIDTA agus giniúint airgid

Mar a tugadh ar aird thuas, €1.6m a bhí in EBITDA le haghaidh 2019. €1.4m a bhí in EBITDA in 2018 (gan an brabús ó dhiúscairt réadmhaoine agus athluacháil réadmhaoine infheistíochta san áireamh). Tháinig laghdú beag ar shuíomh airgid na cuideachta bliain i ndiaidh bliana, mar gur úsáideadh EBITDA chun íocaíochtaí cánach corparáide/cánach gnóthachan caipitiúil, breiseanna sócmhainní seasta, costais phleanála, caipiteal oibre agus aisíocaíochtaí iasachtaí a mhaoiniú. Seasann na stiúrthóirí lena gcinneadh nach n-íocfar díbhinní go ceann i bhfad, i bhfianaise na riachtanas caipitil a bhaineann leis an bhforbairt nua bheartaithe ar an gcalafort.

Trádáil

Bíonn sé deacair, uaireanta, gnó nua a mhealladh chuig an gcalafort mar gheall nach féidir leis déileáil le longa atá níos troime ná 7,500 tonna. Leis an gceanglas atá ar fhiontair in Iarthar na hÉireann maidir le hearraí a iompar chuig calafoirt atá in ann déileáil le tonnáiste níos mó ná sin, cuirtear leis an gcostas a bhaineann le honnmhairiú ónár réigiún. Cé go bhfuil bonn custaiméirí sách cobhsaí ag an gCalafort, braitheann sé ar líon beag príomhchustaiméirí. Chun a thodhchaí a dhaingniú, caithfidh an calafort leanúint de chur lena bhonn custaiméirí bliain i ndiaidh bliana. Mar a tugadh ar aird thuas, beidh forbairt gnó ina príomhthosaíocht straitéise don chuideachta in 2020 agus ina dhiaidh sin.

Tá an gnó cúrsála ag fás bliain i ndiaidh bliana i gcónaí. Thug 10 long cúrsála cuairt ar an gcalafort in 2019. Tá 14 long cúrsála, le 10,000 paisinéir orthu, meastar, sceidealaithe faoi láthair chun cuairt a thabhairt air in 2020.

D'ainneoin an tóir fhollasach atá ar Ghaillimh mar cheann scríbe cúrsála sa tionscal cúrsála, tá teorainn ar chumas an Chalafoirt an líon long cúrsála a fhás, mar gheall go gcaithfidh na longa dul i mbeart sa Chuan agus na paisinéirí a thabhairt i dtír.

An Duga Laistigh

Tá 17 acra i limistéar an duga laistigh. Mar a tugadh ar aird thuas, tá ár máistirchleachtadh pleanála tugtha chun críche, nach mór. Táimid ag súil le caidreamh a dhéanamh leis an bpobal i ndáil lenár bpleananna sna seachtainí agus sna míonna amach romhainn. Léirítear sa phlean seo, arb é athlonnú oibríochtaí an chalafoirt a fhágfar gur féidir é a chur i gcrích, poitéinseal an tsuímh agus an méid a chuirfidh sé le creat eacnamaíochta agus sóisialta na cathrach. Sa chás go n-athlonnófar an calafort go rathúil, tabharfaidh limistéar an duga laistigh deis mhaith rannchuidiú le Lár Chathair na Gaillimhe a athnuachan ar bhealach a thiocfaidh le cuspóirí beartais an rialtais mar a leagtar amach iad sa Chreat Náisiúnta Pleanála 2040.

Amhail dháta na tuarascála seo, is leis an gcuideachta formhór mór na talún agus na réadmhaoine atá suite sa duga laistigh. Tá idirbheartaíochtaí fós ar bun leis na léas-sealbhoirí sa duga laistigh agus táthar ag súil le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis sin in 2020.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMH

RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH (AR LEAN)

Pinsin

Taispeánann an scéim sochair sainithe pinsin glan-bharrachas €2.2m i gcomparáid le €1.8m in 2018. Déanfar athbhreithniú gach trí bliana a choimisiúnú go luath, rud a léireoidh an costas maoinithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist don chuideachta sna trí bliana amach romhainn. €116k in aghaidh na bliana a bhí sa chostas sna trí bliana seo caite.

Bord Stiúirthóirí

Is stiúirthóirí neamhfheidhmiúcháin iad formhór an Bhoird agus is é an tAire a cheapann iad. Tháinig an Bord le chéile 8 n-uaire i rith na bliana. Déanann an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht oibríochtúil na cuideachta ag gach cruinniú agus tá sceideal foirmiúil de nithe a choinnítear go speisialta dó chun cinneadh a dhéanamh ina leith. Tá an Bord freagrach as cumhachtaí uile na cuideachta a fheidhmiú, seachas iad sin a choinnítear do Gheallsealbhóirí na cuideachta. Tá freagracht chomhchoiteann ar an mBord as oibríochtaí uile na cuideachta. Féadfaidh an Bord ceann ar bith dá chumhachtaí a tharmligean, mar a mheasann sé a bheith cuí, chuig Coiste Boird nó chuig an bPríomhfheidhmeannach, faoi réir ag pé srianta nó rialacháin a tharchuirfidh sé le tarmligean den sórt sin.

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ar bun, coiste atá comhdhéanta de bheirt stiúirthóirí neamhfheidhmiúcháin agus comhalta seachtrach a bhfuil an-chuid taithí aige ar chúrsaí rialachais chorparáidigh. Téarmaí tagartha comhaontaithe a rialaíonn gaol an choiste leis an gcuideachta. Déanann an Coiste breithniú ar rialachas, rialú inmheánach agus tuairiscí airgeadais na cuideachta ar bonn rialta. Déanann comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht & Riosca caidreamh leis na hiniúcháirí seachtracha i rith an phróisis iniúchóireachta seachtraí agus ag amanna eile nuair a mheastar sin a bheith cuí.

Tá a mheastóireacht bhliantúil féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht in 2019 tugtha chun críche ag an mBord.

Rialachas Corparáideach agus Rialú Inmheánach

Tá beartas bainistithe riosca, lena n-áirítear clár riosca straitéiseach agus tionscadail, i bhfeidhm ar fud na cuideachta agus déantar é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, i bhfianaise athruithe ar ár ngnó agus sa timpeallacht sheachtrach ina n-oibrímid. Leis an mbeartas agus leis an gclár seo, déantar agus déanfar príomhrioscaí gnó a mheas mar seo a leanas:

- Cineál na bpríomhrioscaí gnó atá roimh an eagraíochta a shainaithint;
- An dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí agus an tionchar a bheadh acu a mheas;
- Na rialuithe atá i bhfeidhm chun na rioscaí a mhaolú a shainaithint;
- Athmheastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí agus aird ar na rialuithe atá i bhfeidhm lena chinneadh cibé an bhfuil an riosca bunúsach ar leibhéal inghlactha/soláimhsithe;
- Úinéir riosca a shainaithint do gach Riosca Gnó a shainaithnítear;
- Tuilleadh straitéisí a shainaithint nuair is gá chun príomhrioscaí a bhainistiú;
- An próiseas Rioscaí Gnó a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta; agus
- Bainistiú Riosca a bheith mar mhír chaighdeánach ar an gclár oibre ag gach cruinniú Boird sceidealta.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMH

RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH (AR LEAN)

Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú cuimsitheach ar bheartais agus ar nósanna imeachta an Bhoird i rith na bliana. Cuireadh na beartais agus na nósanna imeachta sin i dtoll a chéile in aon doiciméad amháin, rinneadh athbhreithniú mionsonraithe orthu agus cheadaigh an Bord iad. Áirítear ar na nithe iontu, ról agus freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-oifigeach, beartais (ciste, costais, etc.), Rialú inmheánach, iompar/tuairisciú agus riachtanais reachtúla agus eile. Déantar athbhreithniú rialta ar ár gcomhlíonadh leis na beartais agus leis na nósanna imeachta sin agus tugtar iad cothrom le dáta mar fhreagra ar athruithe ar ár ngnó, ar an reachtaíocht agus ar chúinsí seachtracha ábhartha. Ina theannta sin, cheap na stiúrthóirí tríú páirtí le déanaí chun ceistiúchán ar rialú inmheánach a chur i bhfeidhm. Déanfar machnamh ar thorthaí ar bith ón athbhreithniú sin agus cuirfear i bhfeidhm iad de réir mar is cuí. Déanfaidh na stiúrthóirí roinnt nósanna imeachta iniúchóireachta a sheachfhoinsiú in 2020 agus ina dhiaidh sin, lena ndéanfaidh an tríú páirtí sin athbhreithniú bliantúil ar na rialuithe maidir le codanna áirithe dár ngnó.

Is ar na stiúrthóirí atá an fhreagracht fhoriomlán córais agus rialuithe inmheánacha na cuideachta maidir le héifeacht na gcórais sin a mheas. Tá na córais sin leagtha amach lena chinntiú go ndéantar idirbhearta de réir údarú na bainistíochta, go nglactar céimeanna réasúnta chun sócmhainní a chosaint agus chun calaois a chosc, agus go gcoinnítear taifid chearta airgeadais. Tá na córais sin leagtha amach chun riosca a bhainistiú agus féadfaidh siad dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán a thabhairt, in aghaidh earráide ábhartha.

Déanann an fhoireann bainistithe athbhreithniú tréimhsiúil ar nósanna imeachta rialaithe sa chuideachta. Le blianta beaga anuas, caitheadh tuilleadh acmhainní ar an bhfoireann airgeadais a leathnú le go bhféadfaí díriú níos mó ar thuairisciú airgeadais agus ar rialuithe inmheánacha. Ullmhaíonn an chuideachta buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha cúig bliana ar bhonn bliantúil agus déanann an Bord iad a thuairisciú agus a athbhreithniú le linn na bliana. I bhfianaise mhéid na cuideachta agus cineál a hoibríochta, cuireadh mar chomhairle orainn nach bhfuil gá le feidhm iniúchóireachta inmheánaí iomlán ach go dtabharfar faoi nósanna imeachta iniúchóireachta inmheánacha sonracha teoranta de réir mar a mheasfaidh an Coiste um Iniúchóireacht & Riosca gur cuí iad.

Ní raibh aon chás ábhartha inar tharla sárú ar rialú in 2019. Níor tugadh ar aird aon éiginnteachtaí, teagmhais ná cailliúintí ábhartha a cheanglaítear iad a nochtadh sna Ráitis Airgeadais.

Tá nósanna imeachta curtha ar bun ag an gCuideachta ina bhféadfaidh fostaithe de chuid na Cuideachta ábhar imní a chur in iúl go rúnda maidir le mírialtachtaí féideartha sa tuairisciú airgeadais nó i ndáil le nithe eile agus lena chinntiú go bhfiosrófar nithe a ardaítear ar an gcaoi sin ar bhealach bríoch. Cinnteoidh an chuideachta go gcloifidh sí leis an riachtanas an tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú, faoi Alt 22(1) den Acht.

Níor tugadh aon chailliúintí ná calaois ábhartha ar aird in 2019. Is é tuairim na stiúrthóirí go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm chun dearbhú réasúnach a thabhairt in aghaidh chailliúint nó calaois ábhartha.

Soláthar

Tuigeann an Bord an fhreagracht atá air é féin a shásamh go bhfuiltear ag cloí leis na riachtanais maidir le soláthar poiblí agus tá na tairisí luacha reatha maidir le rialacha soláthair náisiúnta agus AE ar eolas go hiomlán aige. Cuireadh feabhsúcháin shuntasacha ar chleachtais soláthair na cuideachta i bhfeidhm agus tá an Bord ag tabhairt faoi phróiseas leanúnach chun a bheartas soláthair a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta lena chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta reatha maidir le soláthar ag teacht leis an dea-chleachtas reatha, agus aird ar mhéid na cuideachta agus cineál a hoibríochtaí.

Déanann an chuideachta a dícheall a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na riachtanais chúí den Chód Caiteachais Phoiblí de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMH

RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH (AR LEAN)

Soláthar (an lean)

De réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim i ndáil leis an gCuideachta:

1. Dearbhaím
 - gur tuairiscíodh cuntais eatramhacha neamhiniúchta don chéad leath de 2019 an 30 Lúnasa 2019, in éineacht le tuairisc eatramhach don Aire ar fhorbairtí íogaire tráchtála suntasacha sna sé mhí roimhe sin, chomh maith le forbairtí dóchúla don chuid eile den bhliain;
 - gur cuireadh isteach dréachtchuntais neamhiniúchta an 28 Feabhra 2020; agus
 - go gcuirfear isteach an tuarascáil bhliantúil iniúchta agus na ráitis airgeadais an 21 Aibreán 2020.
2. Dearbhaím gur chuir an Chuideachta na Cóid Iompair don Bhord agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus go ndéanfaidh sí a dícheall a chinntiú go bhfoilseofar iad agus go gcoífeá leo.
3. Dearbhaím go bhfuiltear ag cloí le beartas an Rialtais maidir le pá príomhoifigeach feidhmiúcháin agus gach fostaí de chuid chomhlachta Stáit.
4. Dearbhaím go bhfuiltear ag cloí le treoirínnte an Rialtais maidir le táillí chomhaltaí Boird a íoc.
5. Dearbhaím nach raibh aon teagmhas suntasach iarchláir chomhardaithe eile seachas na cinn a nochtadh i ráitis airgeadais na cuideachta.
6. Dearbhaím go bhfuiltear ag cloí le riachtanais an Rialtais maidir le beartas taistil ar gach slí.
7. Dearbhaím gur chomhlíon an chuideachta a hoibleagáidí faoin dlí cánach.
8. Dearbhaím nár tharla aon díospóid dlíthiúil a bhain le comhlachtaí Stáit eile agus gur ghá iad a nochtadh.
9. Dearbhaím nach bhfuil aon fhochuideachtaí ag an gcuideachta amhail an 31 Nollaig 2019.
10. Dearbhaím go bhfuil obair ar bun ag an gcuideachta i gcónaí lena chinntiú go nglacfar go hiomlán leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH (AR LEAN)

Soláthar (an lean)

De réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, comhlíonadh nó cloíodh le gach ceann de na nithe seo a leanas i rith na bliana:

1. Riachtanais Acht na gCuenta 1996, leasuithe a rinneadh ó shin nó aon achtuithe ábhartha eile.
2. Treoirlínte ábhartha arna n-eisiúint ag an Rialtas nó ag an Aire Airgeadais.
3. Na riachtanais maidir le nochtadh in Alt 32 d'Acht na gCuenta, 1996 (arna leasú) ag na stiúrthóirí i ndáil le haon leas a bheadh acu maidir le haon chonradh nó comhaontú eile leis an gCuideachta.
4. Na riachtanais maidir le nochtadh in Alt 32 d'Acht na gCuenta, 1996 (arna leasú) ag na stiúrthóirí i ndáil le haon leas a bheadh acu maidir le haon chonradh nó comhaontú eile leis an gCuideachta.
5. Na riachtanais maidir le nochtadh faoin tuarastal a íoctar leis an POF agus táillí a íoctar le stiúrthóirí.
6. An Cód Iompair arna eisiúint ag an Rialtas agus gur chomhlíon gach comhalta Boird agus gach duine a bhfuil post fostaíochta ainmnithe aige nó aici sa Chuideachta na hoibleagáidí reachtúla.
7. Forálacha Alt 15 d'Acht na gCuenta 1996 (arna leasú) i ndáil le talamh a dhíol, a fháil ar léas agus a fháil.
8. Tá an Chuideachta ag cloí leis na Rialacháin um "Eitic in Oifigí Poiblí".
9. Tá na nósanna imeachta ábhartha go léir maidir le tuairisciú airgeadais, taisteal agus diúscairt sócmhainní á gcur i bhfeidhm.
10. Ní dhearna an Chuideachta éagsúlú ar bith i rith na bliana.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí Boird as a ndíograis agus a dtiomantas le linn 2019. Is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis an Máistir Cuain agus lena fhoireann as a ndíograis leanúnach i rith na bliana. Táim ag súil le rath a bhaint amach sa chéad bhliain eile, ag obair leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le hOifigigh sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le rialtas áitiúil lena chinntiú go leanfaidh Calafort na Gaillimhe ar aghaidh ag fás agus ag cur a plean straitéiseach i bhfeidhm, maidir le forbairt an duga laistigh agus an síneadh beartaithe leis an gCalafort.

Maurice O’Gorman
Cathaoirleach

Dáta: 14/04/2020

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Note: this is a translation of the Directors report that was issued in English and the English version is the version of record.

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais iniúchta don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2019 i láthair.

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT AGUS ATHBHREITHNIÚ AR GHNÓ

An Chuideachta úinéir agus oibritheoir Chalafort na Gaillimhe.

Níl an focal "DAC" san áireamh in ainm na Cuideachta, mar gheall go bhfuil sí díolmhaithe de bhun Alt 8(2) d'Acht na gCuanta 1996 (arna leasú ag Acht na gCuanta (Leasú) 2015), de bhua an reachta sin, agus dá bharr sin tá sí díolmhaithe ón riachtanas an cineál cuideachta a chur ag deireadh a hainm, de réir Alt 1446 d'Acht na gCuideachtaí 2017.

Tugann na stiúrthóirí feidhmíocht trádála na Cuideachta ar aird agus déanfaidh gach iarracht brabúsacht a fheabhsú sa bhliain amach romhainn.

PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS ÉIGINNTEACHTAÍ

Timpeallacht Eacnamaíochta

Tháinig feabhas ar láimhdeachas i rith na bliana. Gan saoráidí feabhsaithe calafoirt, tá teorainn le cumas an chalafoirt dul san iomaíocht le haghaidh gnó nua, ar an mbonn iomaíoch céanna le calafoirt eile. Meastar gur riachtanach iad an síneadh nua leis an gcalafort a fhorbairt agus na háiseanna a chuirfear ar fáil dá bharr. Meastar gur ríthábhachtach iad d'fholláine an chalafoirt amach anseo.

Síneadh leis an gCalafort

Tá forbairt ar an síneadh beartaithe leis an gcalafort riachtanach má tá todhchaí eacnamaíochta an chalafoirt le cothabháil agus le fás. Mura gcuirtear síneadh leis an gcalafort, ceisteofar inmharthanacht eacnamaíoch an chalafoirt amach anseo agus a chumas maidir lena ghnó príomha a fhás. Braitheann aisghabháil chostais forbartha calafoirt chaipitlithe de €2,152,434 ar iarratas pleanála rathúil i ndáil leis an síneadh beartaithe leis an gcalafort.

Geataí Duga

Sa chás go ndéanfaí damáiste do na geataí, cé nach dócha go dtarlóidh sin, seans nach mbeadh an calafort in ann feidhmiú ar feadh tréimhse. Tá árachas againn in aghaidh chaillteanas iarmhartach. Sa chás go rachadh long i dtalamh sa chainéal, cé nach dócha go dtarlóidh sin, bheadh an suaitheadh céanna i bhfeidhm agus a bheadh do gheataí an duga.

Iomaíocht

Tugann na stiúrthóirí ar aird gur riosca atá roimh an gCuideachta é iomaíocht idir chalafoirt. Táimid sásta go leanfaimid orainn ag mealladh gnó nua chuig Calafort na Gaillimhe.

Covid 19

Tá measúnú déanta ag na stiúrthóirí ar an tionchar a bheidh ag Covid 19 ar thorthaí réamhaisnéise na cuideachta don bhliain 2020. Amhail an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais, ní raibh aon chomharthaí ann go mbeidh tionchar ag an ngéarchéim reatha ar chroí ghnó na cuideachta – is é sin lastas a iompar. In ainneoin an drochthionchar ar ár ngnó, go háirithe i ndáil leis an teacht isteach a bhí tuartha ó tháillí páirceála, tá na stiúrthóirí sásta nach gcuirfidh Covid 19 isteach ar chumas na cuideachta leanúint ag feidhmiú ina gnóthas leantach.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

TORTHAÍ AGUS DÍBHINNÍ

€1,161,012 (2018: €12,229,460) a bhí sa bhrabús roimh cháin don bhliain. Áiríodh ar thorthaí 2018 barrachas athluacháil réadmhaoine infheistíochta €11,643,342 agus brabús €1,000,000 ar láithreán a dhíol. Ní mholann na stiúrthóirí díbhinn a íoc. Ag deireadh na bliana, bhí glansócmhainní €30,362,578 (2018: €29,098,071) ag an gCuideachta.

STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÚNAÍ

Tugtar liosta de na stiúrthóirí reatha ar leathanach 2. Ní raibh aon athrú ar an mBord Stiúrthóirí i rith na bliana.

Tugtar ainm an rúnaí, a raibh an oifig sin ina sheilbh ar feadh na bliana, ar leathanach 2.

Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí a raibh na oifigí sin ina seilbh am ar bith i rith na bliana i scaireanna na Cuideachta ag tús ná ag deireadh na bliana airgeadais.

TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Lena chinntiú go gcoinnítear leabhair agus taifid chuntasaíochta chuí de réir Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, tá pearsanra cuntasaíochta cuícháilithe fostaithe ag na stiúrthóirí agus tá córais chuntasaíochta ríomhaire chuí coinnithe acu. Is in Oifig an Chuain, Na Duganna Nua, Gaillimh, atá na leabhair chuntais lonnaithe.

TEAGMHAIS I nDIAIDH AN RÁITIS AR AN STAID AIRGEADAIS

Is é tuairim na stiúrthóirí, nár tharla aon teagmhas suntasach a raibh tionchar aige ar na Ráitis Airgeadais ó dheireadh na bliana.

INIÚCHÓIR

Leanfaidh an t-iniúcháir, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtuil, de bheith i seilbh na hoifige sin de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

TINREAMH AG CRUINNITHE BOIRD

Tionóladh ocht gcruinniú Boird ginearálta i rith na bliana. Leagtar amach thíos freastal gach comhalta Boird i rith na bliana.

Comhalta Boird – D'fhreastail ar chruinniú/Faoi cheanglas freastal ar chruinniú:

Maurice O'Gorman - 8/8

Frank Greene - 6/8

Cormac McCarthy - 8/8

Robert McCabe - 8/8

Conor O'Dowd - 8/8

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN)

FAISNÉIS INIÚCHÓIREACHTA ÁBHARTHA

Níl aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha nach bhfuil na hiniúcháirí reachtúla ar an eolas fúithi. Tá na céimeanna cearta go léir glactha ag na stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha agus tá siad sásta go bhfuil an fhaisnéis sin ag na hiniúcháirí reachtúla.

Arna cheadú ag an mBord agus arna shíniú thar a cheann:

Maurice O’Gorman
Stiúrthóir

Conor O’Dowd
Stiúrthóir

Dáta: 14/04/2020

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil an Stiúrthóra, Ráiteas an Chathaoirligh agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Faoi dhlí na hÉireann maidir le cuideachtaí, ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoi dhlí, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102 *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (“creat tuairiscithe airgeadais ábhartha”). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais a cheadú ach amháin sa chás go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas cothrom fíor ar shócmhainní, ar dlíteanais agus ar shuíomh airgeadais na Cuideachta amháin ar dháta deiridh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús agus ar chaillteanas na Cuideachta don bhliain airgeadais, agus go gcomhlíontar Acht na gCuideachtaí 2014 ar gach slí eile.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- a rá cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint agus an éifeacht agus na cúiseanna le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthas leantach, ach amháin sa chás gur míchuí é glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinnítear iad, taifid ina mínítear agus ina dtaifeadtar i gceart idirbhearta na Cuideachta, a fhágann gur féidir sócmhainní, dlíteanais, suíomh airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a fhágann gur féidir leo a chinntiú go gclóíonn na ráitis airgeadais agus Tuarascáil an Stiúrthóra le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus a fhágann gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá bharr sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a bhrath.

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH CHUIG COMHALTAÍ CHUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

Note: this is a translation of the audit opinion that was issued in English and the English version is the version of record.

Tuairisc ar iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Tuairim ar Ráitis Airgeadais Chuideachta Chuan na Gaillimhe ('an chuideachta')

Is é ár dtuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais:

- go dtugann siad léargas cothrom fíor ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar shuíomh airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar an mbrabús don bhliain airgeadais dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha, agus go sonrach, faoi riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá na Ráitis Airgeadais a ndearnamar iniúchadh orthu comhdhéanta de:

- an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach;
- an Ráiteas ar an Staid Airgeadais;
- an Ráiteas ar Athruithe sa Chothromas;
- an Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 27, lena n-áirítear achoimre ar chuntais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i Nóta 1.

An creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú, Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 "An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann" arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

An Bunús leis an Tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (Éire) (Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Leagtar amach thíos ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid "Freagrachtaí an Iniúcháora maidir leis na Ráitis Airgeadais a Iniúchadh" dár dtuarascáil.

Táimid neamhspleách ón gCuideachta, ag teacht leis na riachtanais eiticíúla a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil arna n-eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn de réir na riachtanas sin. Creidimid gur leor agus gur chuí an fhianaise iniúcháireachta atá faighte againn chun bunús a thabhairt dár dtuairim.

Tátail maidir le gnóthas leantach

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas mar a gcuireann Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) iallach orainn tuairisciú daoibh sa chás:

- nach bhfuil úsáid na stiúrthóirí den bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta iomchuí agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais; nó
- nár nocht an stiúrthóir sna ráitis airgeadais aon éiginnteachtaí ábhartha a aimsíodh ar féidir go mbeidís ina gcúis amhrais faoi chumas na cuideachta glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta ar feadh tréimhse de dhá mhí déag, ar a laghad, ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Ar lean ar an gcéad leathanach eile/

/Ar lean ón leathanach roimhe seo

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH CHUIG COMHALTAÍ CHUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as faisnéis eile. Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá le fáil sna tuarascálacha agus sna ráitis airgeadais, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra faoin bhfaisnéis chéanna. Ní chlúdaíonn ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis, agus seachas sa mhéid sin a dhearbhaítear go sonrach inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál de thátal ráthaíochta faoi sin.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is í an fhreagracht atá orainn, an fhaisnéis eile a léamh agus le linn dúinn sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuaireamar san iniúchadh nó má fheictear dúinn go ndearnadh míráiteas faoi go hábhartha seachas sin. Má aimsimid a leithéid de neamh-chomhsheasmhachtaí nó míráitis ábhartha follasacha, tá dualgas orainn cinneadh an ann do mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile. Más é an tátal a bhainimid amach, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, gurb ann do mhíráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile seo, tá dualgas orainn tuairisc a thabhairt faoi sin.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a míníodh ar shlí níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as iad féin a shásamh go dtugann siad léargas cothrom fíor agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014 ar gach slí eile, agus as cibé rialú inmheánach a chinneann na stiúrthóirí a bheith cuí le gur féidir ráitis airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide, a ullmhú.

Agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú acu, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is infheidhme, nithe a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus ag úsáid bhonn ghnóthais leantaigh na cuntasáíochta ach amháin má tá sé i gceist ag an lucht bainistíochta cé acu an Cuideachta a leachtú, sin nó éirí as a bheith i mbun oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réadúil acu seachas a leithéid a dhéanamh.

/Ar lean ón leathanach roimhe seo

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH CHUIG COMHALTAÍ CHUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

Freagrachtaí na nIniúcháirí as Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Is iad ár gcuid cuspóirí, ráthaíocht réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cé acu mar gheall ar chalaos nó earráid, agus Tuarascáil Iniúcháirí a eisiúint a bhfuil ár dtuairim mar chuid di. Is ardleibhéal ráthaíochta í ráthaíocht réasúnta, ach ní barántas atá ann go n-aimseoidh iniúchadh a chuirtear i gcrích de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaos nó as earráid agus meastar iad a bheith ábhartha, dá bhféadfaí bheith ag súil leis go réasúnta, ar bhonn aonair nó go comhiomlán, go rachaidís i bhfeidhm ar shocruithe eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire), cleachtimid breithiúnas gairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orainn i rith an iniúchta go léir. Déanaimid freisin:

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na Ráitis Airgeadais, bíodh sin de bharr calaioise nó earráide, a shainnítear agus a mheasúnú, nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, agus fianaise iniúcháireachta a fháil ar leor agus cuí í chun bunús a chur faoinár dtuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha de bharr calaioise níos mó ná an riosca nach mbraithfear ceann de bharr earráide, ó tharla go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaiois.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá cuí sa chás áirithe atá i gceist, ach ní chun críche tuairim ar éifeachtacht rialú inmheánach na cuideachta a chur in iúl.
- Meastóireacht a dhéanamh ar cé chomh cuí agus a bhí na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus cé chomh réasúnta agus a bhí na meastacháin chuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí agus na nithe gaolmhara a nocht siad.
- Tátaíl a bhaint maidir le cé chomh cuí is atá sé go bhfuil na stiúrthóirí ag úsáid bhunús cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas, cé acu atá nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainimid de thátaíl go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orainn aird a tharraingt i dtuarascáil an iniúchóra ar na nithe gaolmhara a nochtadh sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nithe sin, ár dtuairim a leasú. Tá ár dtátaíl bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuaireamar go dtí dáta thuarascáil an iniúchóra. D'fhéadfadh sé, áfach, nach leanfadh an t-eintiteas ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr imeachtaí nó dálaí amach anseo.
- Meastóireacht a dhéanamh ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, na nithe a nochtadh san áireamh, agus cé acu an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí atá taobh thiar díobh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.

Téimid i gcomhairle leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc nithe eile, an raon agus an t-am atá beartaithe don iniúchadh agus fionnachtana suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar rialú inmheánach a shainnítear an t-iniúcháir i gcaitheamh an iniúchta.

Ar lean ar an gcéad leathanach eile/

/Ar lean ón leathanach roimhe seo

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH CHUIG COMHALTAÍ CHUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

Tá an tuarascáil seo ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Thugamar faoinár gcuid oibre ar an iniúchadh ionas go bhféadfaimis na nithe ar gá dúinn a lua do chomhaltaí na cuideachta i dtuarascáil iniúchóirí a lua agus ní chun críche ar bith eile. Chomh fada agus atá ceadaithe le dlí, ní ghlacaimid le freagracht ná ní ghabhaimid freagracht orainn féin maidir le haon duine seachas an cuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár gcuid oibre ar an iniúchadh, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar tháingamar orthu.

Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

Tuairim ar nithe eile arna leagan amach ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneamar i gcaitheamh an iniúchta agus uirthi sin amháin, tuairiscímid an méid seo a leanas:

- Fuaireamar an fhaisnéis ar fad agus gach míniú a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha an iniúchta.
- Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta le go bhféadfaí na Ráitis Airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Ábhair a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu ar bhonn eisceachtúil

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an gCuideachta agus a timpeallacht a fuaireamar i gcaitheamh an iniúchta, níor shainníomair míráitis ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn i leith na bhforálacha in Acht na gCuideachtaí, 2014 a cheanglaíonn orainn é a thuairisciú daoibh más é ár dtuairim nach ndéantar luach saothair stiúrthóirí agus idirbhearta arna sonrú sa dlí a nochtadh.

Faoin gCód Cleachtas maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtas"), ceanglaítear orainn tuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach a theastaíonn faoin gCód Cleachtas, faoi mar a áirítear i Ráiteas an Chathaoirligh, gur chomhlíon an grúpa alt 1.9(iv) den Chód Cleachtas nó mura bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis a bhfuilimid ar an eolas fúithi ónár gcuid oibre iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Gerard Casey
ar son agus thar ceann
Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil
Ionad Seirbhísí Airgeadais na Gaillimhe
Bóthar Mhóinín na gCiseach
Gaillimh

Dáta: 14/04/2020

**CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE
RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019**

	<i>Nótaí</i>	2019 €	2018 €
IONCAM	3	4,639,768	4,460,690
Costais oibriúcháin		(3,437,309)	(4,650,715)
Ioncam oibriúcháin eile		-	-
Brabúsar réadmhaoine a dhiúscairt		-	1,000,000
BRABÚS ROIMH ATHLUACHÁIL RÉADMHAOINE INFHEISTÍOCHTA		1,202,459	809,975
Athluacháil réadmhaoine infheistíochta	12	-	11,643,342
BRABÚS OIBRIÚCHÁIN		1,202,459	12,453,317
Ioncam airgeadais	4	2,213	181
Costais airgeadais	5	(43,660)	(224,038)
BRABÚS AR GHNÁTHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ ROIMH CHÁNACHAS	6	1,161,012	12,229,460
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	10	(210,630)	(4,021,781)
BRABÚS DON BHLIAIN AIRGEADAIS INCHURTHA LE GEALLSEALBHÓIRÍ NA CUIDEACHTA		950,382	8,207,679
BRABÚS OIBRIÚCHÁIN		1,202,459	12,453,317
Atomhas shócmhainní na scéime sochair scoir	19	359,000	322,000
Cánachas iarchurtha i ndáil le scéim sochair scoir	18	(44,875)	(40,250)
IONCAM CUIMSITHEACH IOMLÁN DON BHLIAIN AIRGEADAIS INCHURTHA LE GEALLSEALBHÓIRÍ NA CUIDEACHTA		1,264,507	8,489,429

Is mar thoradh ar oibríochtaí leanúnacha an méid seo go léir thuas.

**CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE
RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019**

	<i>Nótaí</i>	2019 €	2018 €
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	11	13,101,602	12,255,390
Réadmhaoine infheistíochta	12	14,445,577	14,430,000
Sócmhainní sochair scoir	19	2,248,000	1,839,000
		29,795,179	28,524,390
Sócmhainní Reatha			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	13	5,886,189	6,079,821
Féichiúnaithe: Méideanna dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin	14	1,103,286	757,739
		6,989,475	6,837,560
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA		6,989,475	6,837,560
Creidiúnaithe: Méideanna dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin	15	(848,112)	(1,282,467)
		6,141,363	5,555,093
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		6,141,363	5,555,093
		35,936,542	34,079,483
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA		35,936,542	34,079,483
Creidiúnaithe			
Méideanna dlite laistigh de bhreis agus bliain amháin airgeadais	16	(1,686,785)	(1,145,358)
Soláthar do dhliteanais agus muirir	18	(3,887,179)	(3,836,054)
		30,362,578	29,098,071
GLANSÓCMHAINNÍ		30,362,578	29,098,071
Cothromas			
Scairchaipiteal glaoite	20	8,926,840	8,926,840
Cúlchistí eile		137,644	137,644
Tuilleamh coinnithe		21,298,094	20,033,587
		30,362,578	29,098,071
Cothromas inchurtha le húinéirí na Cuideachta		30,362,578	29,098,071

Cheadaigh an Bord Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais an agus tá siad sínithe iad thar a cheann ag:

Maurice O’Gorman
Stiúrthóir

Conor O’Dowd
Stiúrthóir

**CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE
RÁITEAS AR ATHRUITHE SA CHOTHROMAS
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019**

	Scair- chaipiteal Glaite €	Tuilleamh coinnithe €	Cúlchistí Eile €	Iomlán €
Amhail an 1 Eanáir 2018	8,926,840	11,544,158	137,644	20,608,642
Brabús don bhliain airgeadais 2018	-	8,207,679	-	8,207,679
Gnóthachan achtúireach iomlán ar shócmhainní sochaIr scoir	-	322,000	-	322,000
Cánachas iarchurtha i ndáil le scéim sochair scoir	-	(40,250)	-	(44,875)
Amhail an 31 Nollaig 2018	8,926,840	20,033,587	137,644	29,098,071
Brabús don bhliain airgeadais 2019	-	950,382	-	950,382
Gnóthachan achtúireach ar shócmhainní sochair scoir	-	359,000	-	359,000
Cánachas iarchurtha i ndáil le scéim sochair scoir	-	(44,875)	-	(44,875)
Amhail an 31 Nollaig 2019	<u>8,926,840</u>	<u>21,298,094</u>	<u>137,644</u>	<u>30,362,578</u>

**CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE
RÁITEAS AR AN SREABHADH AIRGID
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019**

	<i>Nótaí</i>	2019 €	2018 €
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	21	946,437	1,231,157
Sreabhadh airgid (arna úsáid)/ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ús faighte		2,213	181
Cánachas íochta		(520,691)	(164,378)
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil		(1,253,124)	(667,661)
Fáltas ó dhiúscairt réadmhaoine		-	1,000,000
Fáltais ó dhíolachán infheistíochtaí		-	7,769
Sreabhadh airgid (arna úsáid)/ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(1,771,602)	175,911
Maoiniú			
Muirir mhaoinithe		(43,660)	(224,038)
Iasachtaí faighte		967,595	-
Iasacht ghearrthéarmach a aisíoc		(292,402)	(230,466)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		631,533	(454,504)
GLUAISEACHT AIRGID THIRIM		(193,632)	952,564
IMRÉITEACH AIRGEAD SA BHANC AGUS AR LÁIMH:			
Airgead sa bhanc agus ar láimh ag tús na bliana airgeadais	13	6,079,821	5,127,257
AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID AG DEIREADH NA BLIANA AIRGEADAIS 13		5,886,189	6,079,821

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 Nollaig 2019

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Is cuideachta faoi theorainn scaireanna arna corprú i bPoblacht na hÉireann í Cuideachta Chuan na Gaillimhe ("an cuideachta"). Ag Oifig an Chuain, Na Duganna Nua, Gaillimh, atá a hoifig chláráithe.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach ó thaobh plé le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais na Cuideachta.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, leasaíodh iad chun luacháil mhíreanna réadmhaoine infheistíochta ar luach cóir a chur san áireamh, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Ioncam

Tá láimhdeachas comhdhéanta de luach díolacháin earraí agus seirbhísí agus tá sé glan ó cháin bhreisluacha.

Aithnítear ioncam ar earraí agus seirbhísí ar sheachadadh agus/nó feidhmíocht.

Aithnítear ioncam cíosa ar bhonn na líne díri thar théarma an léasa ábhartha.

Iasachtaí agus iasachtaíochtaí

Saináithnítear iasachtaí agus iasachtaíochtaí ag an bpraghas idirbhearta ar dtús, agus na costais idirbhearta san áireamh. Ina dhiaidh sin, déantar iad a thomhas ar chostas amúchta leis an modh ráta úis éifeachtaigh, lúide bearnúchán. Sa chás gur idirbheart airgeadais é socrú, déantar é a thomhas ar luach reatha.

Réadmhaoine, gléasra agus trealamh agus dímheas

Luaitear réadmhaoine, gléasra agus trealamh ar chostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar an muirear a ghearrtar ar dhímheas chun costas bunaidh nó luacháil bhunaidh na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealamh, lúide a luach iarmharach measta thar a saolré fhóinteach ionchais, a dhíscríobh mar seo a leanas:

Talamh agus foirgnimh ruíse	- Talamh nach bhfuil dímheasta
Foirgnimh	- Líne dhíreach 2%
Gléasra & trealamh	- Líne dhíreach 12.5% - 20%
Trealamh oifige	- Líne dhíreach 33%
Mótarfheithiclí	- Líne dhíreach 12.5%

Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna seilbhe réadmhaoine, gléasra agus trealamh le haghaidh bearnúcháin i dtréimhsí sa chás go dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le tuiscint gur seans nach bhféadfaí an luach seilbhe a aisghabháil. Tá an Chuideachta fós ag caipitliú na costais chaipitil agus chomhairliúcháin go léir a bhaineann le forbairt an Chalafoirt. Is é beartas na Cuideachta é gan caiteachas caipiteal a dhímheas i ndáil le forbairt an Chalafoirt.

Réadmhaoine infheistíochta

Déantar réadmhaoine infheistíochta dá bhféadtar luach cóir a thomhas go hiontaoifa, gan costas míchuí nó iarracht mhíchuí ina leith, a thomhas ar luach cóir gach bliain, agus ní shainaithnítear aon mhuirir maidir leis sa ráiteas ioncaim.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 Nollaig 2019

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Is cuideachta faoi theorainn scaireanna arna corprú i bPoblacht na hÉireann í Cuideachta Chuan na Gaillimhe ("an cuideachta"). Ag Oifig an Chuain, Na Duganna Nua, Gaillimh, atá a hoifig chláráithe.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach ó thaobh plé le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais na Cuideachta.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, leasaíodh iad chun luacháil mhíreanna réadmhaoine infheistíochta ar luach cóir a chur san áireamh, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Ioncam

Tá láimhdeachas comhdhéanta de luach díolacháin earraí agus seirbhísí agus tá sé glan ó cháin bhreisluacha.

Aithnítear ioncam ar earraí agus seirbhísí ar sheachadadh agus/nó feidhmíocht.

Aithnítear ioncam cíosa ar bhonn na líne dírí thar théarma an léasa ábhartha.

Iasachtaí agus iasachtaíochtaí

Saináithnítear iasachtaí agus iasachtaíochtaí ag an bpraghas idirbhearta ar dtús, agus na costais idirbhearta san áireamh. Ina dhiaidh sin, déantar iad a thomhas ar chostas amúchta leis an modh ráta úis éifeachtaigh, lúide bearnúchán. Sa chás gur idirbheart airgeadais é socrú, déantar é a thomhas ar luach reatha.

Réadmhaoine, gléasra agus trealamh agus dímheas

Luaitear réadmhaoine, gléasra agus trealamh ar chostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar an muirear a ghearrtar ar dhímheas chun costas bunaidh nó luacháil bhunaidh na réadmhaoine, an gléasra agus an trealaimh, lúide a luach iarmharach measta thar a saolré fhóinteach ionchais, a dhíscríobh mar seo a leanas:

Talamh agus foirgnimh ruíse	- Talamh nach bhfuil dímheasta
Foirgnimh	- Líne dhíreach 2%
Gléasra & trealamh	- Líne dhíreach 12.5% - 20%
Trealamh oifige	- Líne dhíreach 33%
Mótarfheithiclí	- Líne dhíreach 12.5%

Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna seilbhe réadmhaoine, gléasra agus trealamh le haghaidh bearnúcháin i dtréimhsí sa chás go dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le tuiscint gur seans nach bhféadfaí an luach seilbhe a aisghabháil. Tá an Chuideachta fós ag caipitliú na costais chaipitil agus chomhairliúcháin go léir a bhaineann le forbairt an Chalafoirt. Is é beartas na Cuideachta é gan caiteachas caipiteal a dhímheas i ndáil le forbairt an Chalafoirt.

Réadmhaoine infheistíochta

Déantar réadmhaoine infheistíochta dá bhféadtar luach cóir a thomhas go hiontaoifa, gan costas míchuí nó iarracht mhíchuí ina leith, a thomhas ar luach cóir gach bliain, agus ní shaináithnítear aon mhuirir maidir leis sa ráiteas ioncaim.

CUIDEACHTA CHUAN NA

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN) DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA (AR LEAN)

Infheistíochtaí

Sainithnítear infheistíochtaí ar luach cóir ar dtús, arb ionann é agus an praghas idirbhearta lúide costais idirbhearta, de ghnáth. Ina dhiaidh sin, déantar iad a thomhas ar luach cóir trí bhithin an ráitis ioncaim, sa chás go dtrádáiltear na scaireanna go poiblí nó gur féidir a luach cóir a mheas ar bhealach iontaoifa eile. Déantar infheistíochtaí eile a mheas ar chostas lúide bearnúchán.

Infháiltais trádála agus eile

Déantar infháiltais nach bhfuil ráta úis luaite leo agus atá infhála laistigh de bhliain amháin a thairfeadh ar phraghas idirbhearta. Sainithnítear aon chailliúintí a eascraíonn as bearnúchán sa ráiteas ioncaim i gcaiteachas oibriúcháin.

Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid comhdhéanta d'airgead sa bhanc agus ar láimh, taiscí prapéilimh le bainc agus infheistíochtaí gearrthéarmacha thar a bheith leachtacha eile, le haibíochtaí bunaidh trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc laistigh de nithe iníochta sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Nithe iníochta trádála agus eile

Déantar nithe iníochta nach bhfuil ráta úis luaite leo agus atá iníochta laistigh de bhliain amháin a thairfeadh ar phraghas idirbhearta. Sainithnítear aon chailliúintí a eascraíonn as bearnúchán sa ráiteas ioncaim i gcaiteachas oibriúcháin.

Sochair fostaithe

Scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin

Oibríonn an Chuideachta scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin. Coinnítear sócmhainní na scéime ar leithligh ó shócmhainní na Cuideachta i gciste a riartar go neamhspleách.

Scéim sochar sainithe pinsin

Oibríonn an Chuideachta scéim sochar sainithe pinsin dá fostaithe freisin, lena soláthraítear sochair bunaithe ar phá dheiridh inphinsin. Coinnítear sócmhainní na scéime seo ar leithligh ó shócmhainní na Cuideachta freisin, agus déantar iad a infheistiú le bainisteoirí cistí pinsin.

Déantar na costais phinsin i ndáil le scéim sochar sainithe a mhuirearú ar an Ráiteas Ioncaim ar bhonn córasach, bunaithe ar ríomhanna an achtúire. Déantar méideanna arna muirearú a ríomh agus na rátaí seo a leanas á n-úsáid:

Costais seirbhíse reatha	- Ráta lascaine ag tús na bliana
Costas úis	- Ráta lascaine ag tús na bliana
Aisíoc ionchais ar shócmhainní	- Ráta aisíoca ionchais ag tús na bliana

Sainithnítear dlíteanas d'oibleagáidí na Cuideachta faoin bplean glan ó shócmhainní an phlean. Sainithnítear an glanathrú ar an nglanlíteanas sochar sainithe mar chostas an phlean sochar sainithe i rith na tréimhse. Déantar sócmhainní phleananna pinsin a thomhas ar luach cóir agus déantar an oibleagáid sochar sainithe a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta á úsáid. Faightear luachálacha achtúireacha ar a laghad gach trí bliana agus déantar iad a nuashonrú ar dháta gach Ráitis ar an Staid Airgeadais.

Cánachas agus cánachas iarchurtha

Is ionann cáin reatha agus an méid a bhfuiltear ag súil le hóc nó le haisghabháil i ndáil le brabúis inchánach don bhliain agus ríomhtar é trí bhithin na rátaí agus na dlíthe cánach a bhí achtaithe go hiomlán nó go suntasach amhail ar dháta Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN) DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA (AR LEAN)

Cánachas agus cánachas iarchurtha (ar lean)

Bunaítear an muirear do chánachas, nuair is infheidhme, ar an mbrabús don bhliain airgeadais.

Is ionann cáin iarchurtha agus na himpleachtaí cánach a bheidh ar idirbhearta agus imeachtaí arna sainaithint sna ráitis airgeadais, maidir le tréimhsí reatha agus roimhe seo. Sainaithnítear í i ndáil le gach difríocht uainiúcháin, seachas i gcás eisceachtaí áirithe. Ciallaíonn difríochtaí uainiúcháin difríochtaí idir brabúis inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar a luaitear é sna ráitis airgeadais, a eascraíonn as ioncam agus costais a chur san áireamh i measúnuithe cánach i dtréimhsí seachas na cinn ina sainaithnítear iad sna ráitis airgeadais. Ní shainaithnítear cailliúintí cánach neamhfhaoisimh ná sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin sa mhéid gur dhócha go n-aisghabhálfar iad in aghaidh fhreaschur dhliteanais chánach iarchurtha nó bhrabúis inchánach eile amach anseo.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas ach rátaí agus dlíthe cánach a bhí achtaithe go hiomlán nó go suntasach amhail ar dháta Ráiteas ar an Staid Airgeadais agus a bhfuiltear ag súil go mbeidh feidhm leo i gcás fhreaschur na ndifríochtaí uainiúcháin. Déantar cáin iarchurtha a bhaineann le réadmhaoín, gléasra agus trealamh a thomhas ach an tsamhail athluachála a úsáid agus déantar réadmhaoín infheistíochta a thomhas ach úsáid a bhaint as na rátaí cánach agus liúntais a bhíonn i bhfeidhm maidir le díolachán na sócmhainne.

Deontais ón Rialtas Iarchurtha

Caitear le deontais chaipitil faighte agus infhaighte mar ioncam iarchurtha agus déantar iad a amúchadh chuig an Ráiteas Ioncaim go bliantúil thar shaolré fhóinteach eacnamaíochta na sócmhainne lena mbaineann. Cuirtear deontais ioncam do shochar an Ráitis Ioncaim nuair a fhaightear iad.

Scairchaipiteal na Cuideachta - gnáth-scairchaipiteal

Cuirtear gnáth-scairchaipiteal na Cuideachta i láthair mar chothromas.

2. BREITHIÚNAIS CHUNTASAÍOCHTA CHRITICIÚLA AGUS PRÍOMHFHOINSÍ NA HÉIGINNTEACHTA MEASTACHÁIN

Agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur chun feidhme, a bhfuil cur síos orthu i Nóta 1, ceanglaítear ar na stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh maidir le glanluachanna sócmhainní agus dliteanas nach léir iad ó fhoinsí eile. Bunaítear na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhaineann leo ar thaithí stairiúil agus ar chúinsí eile a meastar a bheith ábhartha. D'fhéadfadh torthaí iarbhíre a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Déantar athbhreithniú leanúnach ar na meastacháin agus ar na boinn tuisceana sin. Sainaithnítear leasuithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina gcuirtear leasú ar an meastachán sa chás nach bhfuil éifeacht ag an leasú ach ar an tréimhse sin amháin, nó i dtréimhse an leasaithe agus i dtréimhsí sa todhchaí sa chás go bhfuil éifeacht ag an leasú ar thréimhsí reatha agus sa todhchaí.

Breithiúnais chriticiúla agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta a chur i bhfeidhm

Seo a leanas na breithiúnais chriticiúla, seachas na cinn sin lena mbaineann meastacháin (pléitear leo siúd ar leithligh thíos), atá déanta ag na stiúrthóirí agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm acu, agus a bhfuil an éifeacht is mó acu ar na méideanna arna sainaithint sna ráitis airgeadais.

Ní dhearna na stiúrthóirí breithiúnais chriticiúla ar bith agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm acu.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN) DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

2. BREITHIÚNAIS CHUNTASAÍOCHTA CHRITICIÚLA AGUS PRÍOMHFHOINSÍ NA hÉIGINNTEACHTA MEASTACHÁIN (AR LEAN)

Príomhfhoinse na héiginnteachta meastacháin

(a) Saolré úsáideach eacnamaíochta a bhunú chun críocha réadmhaoín, gléasra agus trealamh a dhímheas

Cuimsíonn réadmhaoín, gléasra agus trealamh chuid mhór de shócmhainní iomlán na Cuideachta. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go mór ar shaolré fhóinteach eacnamaíochta gach cineál sócmhainne agus ar mheastacháin ar luachanna iarmharacha. Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú rialta ar shaolréanna fóinteacha eacnamaíochta agus athraíonn iad de réir mar is gá chun an smaointeoireacht reatha ar an méid saoil atá fágtha a léiriú, i bhfianaise úsáid eacnamaíochta ionchais agus riocht fhisiciúil na sócmhainní i gceist. Féadfaidh athruithe shaolré fhóinteach sócmhainne tionchar mór a imirt ar mhuirir dímheasa agus amúchta don tréimhse. Tá mionsonraí faoi shaolréanna fóinteacha eacnamaíochta san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú ar chostais forbartha freisin lena cinntiú go bhfuil siad á gcaipitliú i gceart agus in-aisghabhála i gcomhréir leis na riachtanais faoi FRS 102.

(b) Tomhais maidir le luach cóir

Déantar roinnt de shócmhainní na Cuideachta a thomhas ag luach cóir chun críocha tuairiscithe airgeadais. Agus luach cóir na réadmhaoine infheistíochta á chinneadh acu, cinneann na stiúrthóirí teicnící luachála cuí agus ionchuir le haghaidh tomhas maidir le luach cóir. Agus luach cóir na réadmhaoine infheistíochta á mheas, tá luachálaí cáilithe tríú páirtí fostaithe ag na stiúrthóirí chun an luacháil a dhéanamh. Oibríonn an bhainistíocht go dlúth leis an luachálaí cáilithe seachtrach chun teicnící luachála cuí agus ionchuir a bhunú sa tsamhail. Agus an luach cóir á chinneadh acu, a mbreathnaítear air mar luach margaidh na réadmhaoine, glacadh an cur chuige infheistíochta.

3. IONCAM

Tháinig an t-ioncam don bhliain airgeadais ó:	2019 €	2018 €
Ioncam ó loingseoireacht	1,579,061	1,557,406
Ioncam ó réadmhaoín agus cíós	1,152,313	1,085,246
Ioncam ó pháirceáil	1,065,293	1,048,135
Ionam ó phíolótaíocht	251,644	278,587
Ioncam stítheadóra	552,726	481,395
Ioncam eile	38,731	9,921
	<hr/>	<hr/>
	4,639,768	4,460,690
	<hr/>	<hr/>

Tá ioncam iomlán na Cuideachta inchurtha lena mhargadh i bPoblacht na hÉireann agus tagann sé as úinéireacht agus oibriúchán Chalafort na Gaillimhe.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019**

4. IONCAM AIRGEADAIS	2019	2018
	€	€
Ús bainc	2,213	181
Baineann ioncam airgeadais le hús ar chuntais taisce Bhanc na hÉireann.		
5. COSTAIS AIRGEADAIS	2019	2018
	€	€
Muirir bhainc	12,115	71,906
Ús bainc	22,809	25,755
Ús ar léas airgeadais	8,736	-
Cailliúint ar infheistíocht a dhíol	-	126,377
	43,660	224,038
6. BRABÚS AR GHNÁTHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ ROIMH CHÁNACHAS	2019	2018
	€	€
Luaitear brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas i ndiaidh na nithe seo a mhuirearú / (cur do shochar):		
Luach saothair Stiúrthóirí:		
- Táillí Boird (nóta 8)	22,050	28,072
- Luach saothair POF (nóta 9)	111,971	38,847
Dímheas	391,334	1,634,091
Amúchadh deontais ón Rialtas	-	(28,976)
Taisteal baile	26,113	17,799
Caiteachas ar fháilteachas	11,211	12,737
Costais dlí	117,007	17,611
Costais chánach agus chomhairle airgeadais	56,800	20,631
Costais phinsin agus AD	60,340	55,183
Eile	206,035	160,167
Taisteal idirnáisiúnta	17,699	7,238
Brabús ar dhiúscairt réadmhaoine	-	(1,000,000)

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN) DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

6. BRABÚS AR GHNÁTHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ ROIMH CHÁNACHAS (AR LEAN)

	2019	2018
Meánlíon fostaithe	15	16

Mar seo a leanas párolla comhiomlán na ndaoine sin:

	2019 €	2018 €
Pá agus tuarastail	1,063,295	1,080,436
Costais leasa shóisialaigh	97,892	97,892
Costais phinsin	119,520	179,021
	1,280,707	1,357,349

7. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

Mar seo a leanas an meánlíon daoine arna fhostú ag an gCuideachta i rith na bliana airgeadais:

B'ionann luach saothair na príomhbhainistíochta sa bhliain airgeadais agus €425,100 (2018: €361,701). Mar seo a leanas luach saothair na foirne i mbandaí tuarastail €25,000 agus €50,000 mar an luach tosaigh:

Bandaí Tuarastail	Líon Fostaithe		
€0 - €50,000	5		
€50,001 - €75,000	5		
€75,001 - €100,000	2		
€100,001 - €125,000	2		
€125,001 - €150,000	1		
		2019	2018
		€	€
Eamon Bradshaw		-	1,575
Frank Greene		6,300	6,300
Padraic Mc Cormack		-	4,725
Maurice O'Gorman (Cathaoirleach)		9,450	9,450
Cormac McCarthy		6,300	6,022
		22,050	28,072

I rith na bliana airgeadais, rinneadh íocaíocht foirceanta €185,000 a íoc le hiar-stiúrthóir.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN) DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

9. PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN	2019	2018
	€	€
Luach saothair	91,577	30,971
Táillí stiúrtóra	-	1,575
Ranníocaíocht phinsin	20,394	6,301
	<hr/>	<hr/>
	111,971	38,847
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

I rith na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019, d'aisíoc an Chuideachta €9,995 leis an POF, as costais taistil (2018: €1,002).

10. CÁIN AR BHRABÚS AR GHNÁTHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ	2019	2018
	€	€
Cáin chorparáide bunaithe ar bhrabús don bliain airgeadais	204,380	163,480
Cáin ghnóthachan caipitiúil ag eascairt as diúscairt réadmhaoine	-	330,000
Coigeartú i ndáil le blianta airgeadais roimhe seo	-	(27,040)
	<hr/>	<hr/>
Muirear cánach reatha don bhliain airgeadais	204,380	466,440
Cáin iarchurtha (nóta 18)	6,250	3,555,341
	<hr/>	<hr/>
Muirear cánach	210,630	4,021,781
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

Imréiteach an mhuirir chánachais reatha don bhliain airgeadais:

	2019	2018
	€	€
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	1,161,102	12,229,460
	<hr/>	<hr/>
Brabús iolraithe faoin ráta éifeachtach cháin chorparáide 12.5% (2018: 12.5%)	145,127	1,528,683
Éifeacht ó:		
Costais nach gceadaítear	(137)	4,825
Athluacháil réadmhaoine infheistíochta nach bhfuil faoi réir cháin chorparáide	-	(1,455,418)
Dímheas de bhreis ar líuntais chaipitiúla	3,380	173,564
Amúchadh deontais ón rialtas	-	(3,622)
Difríochtaí sealadacha eile	(573)	-
Coigeartú pinsin	(6,250)	(2,500)
Ioncam ar a ngearrtar cáin ar ráta níos airde	62,833	247,948
Coigeartú i ndáil le blianta airgeadais roimhe seo	-	(27,040)
	<hr/>	<hr/>
Muirear cánach reatha don bhliain airgeadais	204,380	466,440
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019**

11. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

	Talamh & foirgnimh ruilse €	Costais Forbartha Calafóirt €	Gléasra & Trealamh €	Trealamh Oifige €	Mótar- Fheithiclí €	Iomlán €
Costas						
Amhail an 31 Nollaig 2018	12,629,517	1,932,869	6,397,766	236,868	35,992	21,233,012
Breiseanna	-	219,565	1,015,729	2,252	-	1,237,546
Amhail an 31 Nollaig 2019	12,629,517	2,152,434	7,413,495	239,120	35,992	22,470,558
Dímheas carntha						
Amhail an 31 Nollaig 2018	3,724,257	-	5,018,644	225,723	8,998	8,977,622
Muirear don bhliain	185,470	-	193,104	8,261	4,499	391,334
Amhail an 31 Nollaig 2019	3,909,727	-	5,211,748	233,984	13,497	9,368,956
Glanluach leabhair Amhail an 31 Nollaig 2019	8,719,790	2,152,434	2,201,747	5,136	22,495	13,101,602
Amhail an 31 Nollaig 2018	8,905,260	1,932,869	1,379,122	11,145	26,994	12,255,390

CUIDEACHTA CHUAN NA

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN) DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

12. RÉADMHAOINE INFHEISTÍOCHTA

	2019 €	2018 €
Ag tús na bliana airgeadais	14,430,000	-
Aistriú ó réadmhaoine, gléasra & trealamh	-	2,786,658
Athluacháil réadmhaoine infheistíochta (féach thíos)	-	11,643,342
Breiseanna	15,577	-
	<hr/>	<hr/>
Ag deireadh na bliana airgeadais	14,445,577	14,430,000
	<hr/>	<hr/>

Sa bhliain airgeadais roimhe seo, aistríodh sócmhainní a bhí i seilbh na Cuideachta le haghaidh luachmhéadú caipitil fadtéarmach chuig réadmhaoine infheistíochta. Rinneadh na réadmhaoine infheistíochta a athluacháil go dtí luach cóir na réadmhaoine amhail ar dháta an chláir chomhardaithe, i dtuairim na stiúrthóirí.

Bunaíodh an athluacháil sin ar luacháil a rinne Power Property in 2018. An toradh a bhí air sin, barrachas athluachála €11,643,342 in 2018. Bhreithnigh na stiúrthóirí an luach seilbhe amhail an 31 Nollaig 2019 agus measann siad gurbh chúil na boinn tuisceana a úsáideadh chun luach na réadmhaoine infheistíochta a áiríodh sa tuarascáil roimhe seo amhail ar dháta an chláir chomhardaithe, mar gheall nach raibh, ina dtuairim siúd, aon ghluaiseacht shuntasach maidir leis an luach margaidh ná torthaí cíosa sa bhliain airgeadais reatha.

Sa chás nach ndearnadh athluacháil ar réadmhaoine infheistíochta, bheadh siad curtha san áireamh ag na méideanna seo a leanas:

	2019 €	2018 €
Réadmhaoine infheistíochta ar chostas	2,802,235	2,786,658
	<hr/>	<hr/>

13. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID

	2019 €	2018 €
Airgead tirim agus iarmhéideanna bainc	5,886,189	6,079,821
	<hr/>	<hr/>

14. FÉICHIÚNAITHE: Méideanna dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin

	2019 €	2018 €
Infháltais trádála	806,232	627,102
Cánachas (Nóta 17)	26,318	12,838
Réamhíocaíochtaí	270,736	117,799
	<hr/>	<hr/>
	1,103,286	757,739
	<hr/>	<hr/>

CUIDEACHTA CHUAN NA

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN) DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

15. CREIDIÚNAITHE: Méideanna dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin	2019 €	2018 €
Méideanna dlite d'institiúidí creidmheasa (Nóta 16)	294,920	161,154
Nithe iníoctha trádála	269,392	362,742
Cánachas agus leas sóisialach (Nóta 17)	65,406	351,202
Fabhruithe	174,362	376,529
Ioncam iarchurtha	44,032	30,840
	<hr/>	<hr/>
	848,112	1,282,467
	<hr/>	<hr/>
16. CREIDIÚNAITHE: Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain airgeadais amháin	2019 €	2018 €
Iasacht bhainc (féach thíos)	875,333	1,090,672
Iasachtaí eile	811,452	54,686
	<hr/>	<hr/>
	1,686,785	1,145,358
	<hr/>	<hr/>
Iasachtaí bainc agus eile		
Inaisíoctha i mbliain amháin nó níos lú nó ar éileamh	294,920	161,154
Inaisíoctha idir bliain amháin agus dhá bhliain	513,276	289,493
Inaisíoctha idir dhá bhliain agus cúig bliana	732,344	343,741
Inaisíoctha i gcúig bliana nó níos mó	441,166	512,124
	<hr/>	<hr/>
	1,981,706	1,306,512
	<hr/>	<hr/>

Déantar iasachtaí bainc a urrú ag muirear seasta ar dtús agus ag muirear so-ghluaiste maidir le craein ar leis an gCuideachta í.

Tá iasacht €1.25m ag an gCuideachta i ndáil le foirgneamh a ceannaíodh in 2012.

Tá sí le haisíoc faoi 2027. €638k a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2019 (2018: €721k). 2.5% an ráta úis ar an iasacht.

Tá iasacht €1.25m ag an gCuideachta i ndáil le píblíne nua, a tugadh amach in 2008 agus atá le haisíoc faoi 2023. €345K an méid a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2019 (2018: €463k). 0.65% in aghaidh na bliana an ráta úis ar an iasacht.

Tá comhaontú fruilcheannaigh nua in 2019 maidir le €968K chun craein a cheannach, agus é le híoc ar ais thar 7 mbliana. EURIBOR + 2.75% an ráta úis ina leith.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN) DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

17. CÁNACHAS AGUS LEAS SÓISIALACH

	2019 €	2018 €
Infháltais:		
CBL infhála	3,826	12,838
Cáin Chorparáide	22,492	-
	<u>26,318</u>	<u>12,838</u>
Nithe inaisíoctha:		
Cáin Chorparáide inaisíoctha	-	293,819
IMAT/ASPC/MSU	46,026	50,553
Cáin iarchoimeádta	17,374	4,722
Rangú Caighdeánach Tionscail	2,006	2,108
	<u>65,406</u>	<u>351,202</u>

18. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR

Tá anailís thíos ar na méideanna dá ndéantar soláthar agus do chánachas iarchurtha:

	Scéim sochair scoir €	Liúntais chaipitiúla €	Athluacháil Réadmhaoine Infheistíochta €	Iomlán 2019 €	Iomlán 2018 €
Ag tús na bliana Airgeadais	229,875	(177,797)	3,783,976	3,836,054	240,463
Muirear don chuntas brabúis agus cailiteanais	6,250	-	-	6,250	3,555,341
Muirear d'ioncam cuimsitheach eile	44,875	-	-	44,875	40,250
	<u>281,000</u>	<u>(177,797)</u>	<u>3,783,976</u>	<u>3,887,179</u>	<u>3,836,054</u>
Ag deireadh na bliana Airgeadais	281,000	(177,797)	3,783,976	3,887,179	3,836,054

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

DON BHLIATN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

19. COSTAIS PHINSIN – SCÉIM SOCHAIR SAINITHE

Oibríonn Cuideachta Chuan na Gaillimhe scéim sochair sainithe do roinnt dá fostaithe agus do roinnt dá hiarfhostaithe. Scéim mhaoinithe atá inti agus coinnítear na sócmhainní ar leithligh ó shócmhainní Chuideachta Chuan na Gaillimhe.

Déantar ranníocaí leis an scéim sochar sainithe, atá dúnta do bhaill nua, ar rátaí arna moladh ag achtúirí cáilithe neamhspleácha. Rinneadh luachálacha iarbhíre ar na pleananna amhail an 31 Nollaig 2019 chun críoche maoinithe.

An luacháil a úsáideadh le haghaidh FRS 102, Alt 28: Bunaíodh Sochair Fhostaithe ar mheasúnú iomlán ar shócmhainní an phlean amhail an 31 Nollaig 2019. An 31 Nollaig 2015 a rinneadh an luacháil achtúireach iomlán is déanaí, agus modh maoinithe na haoise slánaithe á úsáid, agus moladh ráta maoinithe €116,000 in aghaidh na bliana go ceann trí bliana ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2019.

Mar seo a leanas na príomh-bhoinn tuisceana a d'úsáid na hachtúirí cáilithe neamhspleácha chun dliteanas a ríomh faoi FRS 102, Alt 28: Sochair fhostaithe:

	2019 % p.a.	2018 % p.a.
Ráta lascaine	1.10	1.75
Arduithe ar thuarastal inphinsin amach anseo	2.00	2.00
Arduithe ar phinsin amach anseo	3.00	3.00
Arduithe ar bhoilsciú amach anseo	1.20	1.50
Athluacháil amach anseo	1.20	1.50

Boinn Tuisceana Básmhaireachta

Rinneadh imscrúduithe le trí bliana anuas ar thaithí básmhaireachta phleananna sochar sainithe na Cuideachta. Fuarthas mar thátal ar na himscrúduithe sin go bhfuil feabhsúcháin ar rátaí básmhaireachta amach anseo curtha san áireamh go leordhóthanach sna boinn tuisceana básmhaireachta reatha.

Seo an t-ionchas saoil a nglactar leis do dhaoine a théann ar scor in aois a 65:

	2019 Blianta	2018 Blianta
<i>Ag dul ar scor inniu:</i>		
Fir	22.9	22.9
Mná	23.8	23.8
<i>Ag dul ar scor i gceann 20 bliain:</i>		
Fir	25.5	25.5
Mná	26.0	26.0

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN) DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

19. COSTAIS PHINSIN – SCÉIM SOCHAIR SAINITHE (AR LEAN)

Sócmhainní sa scéim agus ráta toraidh ionchasach:

	2019 Ráta Toraidh Ionchasach Fadtéarmach	2019 Luach €	2018 Ráta Toraidh ionchasach fadtéarmach	2018 Luach €
Cothromais	34.1 %	2,834,654	33.33%	2,464,683
Bannaí	65.8 %	5,467,804	66.53%	4,944,856
Eile	0.1 %	12,542	0.10%	7,568
		<hr/>		<hr/>
Luach margaidh iomlán sócmhainní		8,315,000		7,417,107
Luach reatha dhliteanais scéime		(6,067,000)		(5,578,107)
		<hr/>		<hr/>
Glansócmhainn phinsin		2,248,000		1,839,000
		<hr/>		<hr/>
Dlíteanas cánach iarchurtha gaolmhar (Nóta 16)		(281,000)		(229,875)
		<hr/>		<hr/>
Glansócmhainn phinsin		1,967,000		1,609,125
		<hr/>		<hr/>
		2019		2018
		€		€
Anailís ar an méid arna mhuirearú chuig brabús oibriúcháin				
Costas seirbhíse reatha		97,000		121,000
		<hr/>		<hr/>
Anailís ar an méid curtha do shochar ioncam eile				
Ús glan ar ghlansócmhainní/ghlandlíteanais ciste		31,000		25,000
		<hr/>		<hr/>
Anailís ar ghluaiseacht sa scéim i rith na bliana				
Barrachas ag tús na bliana airgeadais		1,839,000		1,497,000
Gluaiseacht sa bhliain:				
Costais seirbhíse reatha		(97,000)		(121,000)
Ranníocaí leis an scéim		116,000		116,000
Ús glan ar ghlansócmhainní/ghlandlíteanais ciste		31,000		25,000
Atomhas sócmhainní agus dliteanais an chiste		359,000		322,000
		<hr/>		<hr/>
Barrachas amhail dheireadh na bliana airgeadais		2,248,000		1,839,000
		<hr/>		<hr/>

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)
DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019****19. COSTAIS PHINSIN – SCÉIM SOCHAIR SAINITHE (AR LEAN)**

	2019 €	2018 €
Anailís ar mhéideanna arna sainaitint sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (SOCI)		
Gnóthachain aachtúireacha iomlána	359,000	322,000
Gnóthachain charnacha arna sainaitint in SOCI*	164,000	(195,000)
* Gnóthachain/(chailliúintí) charnacha ón mbliain airgeadais dar críoch 2005 san áireamh.		
	2019 €	2018 €
Athruithe ar luach reatha dhliteanais an phlean phinsin:		
Luach reatha oscailte na ndlíteanas	5,578,000	6,046,000
Costas seirbhíse reatha (prémheanna riosca san áireamh)	97,000	121,000
Costas úis	98,000	106,000
Sochair íoctha	(195,000)	(261,000)
Gnóthachain/(chailliúintí) aachtúireacha ar dhlíteanais	489,000	(434,000)
Luach reatha dúnta na ndlíteanas	6,607,000	5,578,000
	2019 €	2018 €
Athruithe ar luach cóir shócmhainní an phlean phinsin:		
Luach reatha oscailte na sócmhainní	7,417,000	7,543,000
Toradh ionchais ar shócmhainní	129,000	131,000
Gnóthachain/(chailliúintí) aachtúireacha ar shócmhainní	848,000	(112,000)
Ranníocaí an fhostóra	116,000	116,000
Sochair a íocadh amach	(195,000)	(261,000)
Luach cóir dúnta na sócmhainní	8,315,000	7,417,000
Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean	441,000	19,000

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN) DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

19. COSTAIS PHINSIN – SCÉIM SOCHAIR SAINITHE (AR LEAN)

Stair na scéime pinsin, gnóthachain & cailliúintí ó thaithí	2019	2018	2017	2016	2015
Difríocht idir toradh ionchais agus toradh iarbhír ar shócmhainní na scéime					
Méid	312,000	(112,000)	85,000	579,000	(66,000)
Céatadán sócmhainní scéime	3.75%	(1.5%)	1.1%	7.8%	(1.0%)
Taithí ar ghnóthachain agus cailliúintí ag eascairt as dliteanais na scéime					
Méid	47,000	434,000	118,000	110,000	48,000
Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	0.8%	7.8%	2.0%	1.8%	0.8%
Méid iomlán arna shainaithint in ioncam cuimsitheach eile					
Méid	359,000	322,000	203,000	290,000	(18,000)
Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	5.9%	5.8%	3.4%	4.6%	0.3%

20. SCAIRCHAIPITEAL GLAOITE ARNA CHUR I LÁTHAIR MAR CHOTHROMAS

	2019	2018
	€	€
Údaraithe		
8,000,000 gnáthscair, €1.25 an ceann	10,000,000	10,000,000
Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán		
7,141,472 gnáthscair, €1.25 an ceann	8,926,840	8,926,840

Ní raibh leas ar bith ag aon stiúrthóir ná ag an rúnaí i scairchaipiteal na Cuideachta ag am ar bith i rith na bliana airgeadais.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN) DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

21. IMRÉITEACH BHRABÚS OIBRIÚCHÁIN CHUIG GLANSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN

	2019 €	2018 €
Brabús oibriúcháin	1,202,459	12,453,317
Dímheas	391,334	1,634,091
Amúchadh deontas ón rialtas	-	(28,976)
Muirear pinsin	(50,000)	(20,000)
Freaschur barrachais athluachála	-	(11,643,342)
Brabús ar réadmhaoín, gléasra & trealamh a dhíol <i>Gluaiseachtaí i caipiteal oibre</i>	-	(1,000,000)
Méadú ar fhéichiúnaithe (Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe	(323,055) (274,301)	(262,425) 98,492
	<hr/>	<hr/>
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	946,437	1,231,157
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

22. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Tá dliteanais theagmhasacha le haisíoc i gcúinsí áirithe, go hiomlán nó i bpáirt - deontais €Nialas (2018: €413,471) faighte ag an gCuideachta ón rialtas. Creideann na stiúrthóirí nach dócha go dtiocfaidh na dliteanais sin chun cinn agus mar sin, níl soláthar déanta do dhliteanais theagmhasacha den sórt sin sna ráitis airgeadais.

23. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Mar seo a leanas a bhí ceangaltais na Cuideachta maidir le caiteachas caipitil amhail ar dháta an chláir chomhardaithe:

	2019 €	2018 €
Údaraithe ach gan ceangal i gceist leis	-	967,595
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

24. IDIRBHEARTA PÁIRTÍ GHAOLMHAIR

Ní raibh aon idirbhearta páirtí ghaolmhair le stiúrthóirí nach mór iad a nochtadh sna Ráitis Airgeadais sa bhliain airgeadais faoi athbhreithniú.

CUIDEACHTA CHUAN NA GAILLIMHE

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN) DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

25. LEAS RIALAITHE

An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a rialaigh an Chuideachta i rith na bliana airgeadais.

Cuireann an Chuideachta seirbhísí ar fáil do Ranna Rialtais éagsúla agus do Chomhlachtaí Stáit eile, agus faigheann seirbhísí uathu i ngnáthchúrsa an ghnó.

26. TEAGMHAIS I nDIAIDH DHEIREADH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Tá measúnú déanta ag na stiúrthóirí ar an tionchar is dócha a bheidh ag Covid-19 ar thorthaí réamhaisnéise na cuideachta don bhliain 2020. Beidh drochthionchar ag Covid 19 ar an teacht isteach a bheidh againn ó tháillí páirceála agus ó chrúsanna in 2020. Ar an dáta a ceadáíodh na ráitis airgeadais, ní raibh aon chomharthaí ann go mbeidh tionchar ag an ngéarchéim reatha ar chroí ghnó na cuideachta – sé sin lastas a iompar agus measann na stiúrthóirí, cé go mbeidh drochthionchar ag Covid-19 ar fheidhmíocht fhoriomlán airgeadais na cuideachta, go bhfuil an chuideachta i riocht mhaith leis an tionchar sin a bhainistiú.

27. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Bord Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais agus thug údarú chun iad a eisiúint an 14/04/2020

.....